



**An mbeidh tú féin agus Diarmaid ag filleadh chugainn arís i mbliana?**

*/Un meg thoo fayn a-guss Dee-ur-mid egg fill-eh khoo-inn ah-reesh ih mlee-un-uh?/*

Will yourself and Diarmaid be returning to us again this year?

---

*Bairbre:*

**Tá súil againn fanacht libh ó Luan an cúigiú lá de Lúnasa go hAoine an naoú lá.**

*/Thaw soo-il a-gwin fon-akht liv oh Loo-un un koo-ig-oo law deh Loo-nass-uh guh hEen-eh un nay-oo law/*

We hope to stay with you from Monday the fifth of August until Friday the ninth.

---

*An fáilteoir:*

**Seomra dúbailte?**

*/Shoh-um-ruh doo-bil-the?/*

A double room?

---

*Bairbre:*

**Dhá sheomra dúbailte, mura mhiste leat.**

*/Gaw hyoh-um-ruh doo-bil-teh, muh-ra vish-teh lyath/*

Two double rooms, if you don't mind.

**Beidh mo dheirfiúr agus a páirtí ag teacht in éindí linn.**

*/Beg muh yer-foor a-guss a pawr-tee egg takht in ayn-dee linn/*

My sister and her partner will be coming along with us.

---

*An fáilteoir:*

**Fan go bhfeice mé.**

*/Fon guh vek-eh may/*

Wait til I see.

**Beidh dhá sheomra againn, a Bhairbre, ach níl siad in aice a chéile.**

*/Beg gaw hyoh-um-ruh ah-gwinn, okh neel shee-ud in ak-eh a khay-leh/*

We will have two rooms, Bairbre, but they are not beside each other.

**Tá ceann ar urlár na talún, agus tá an ceann eile ar an triú hurlár.**

*/Thaw kyown air oor-lawr nuh thol-oon a-guss thaw un kyown eh-il-eh air un tree-oo hoor-lawr/*

One is on the ground floor, and the other is on the third floor.

**An mbeadh sé sin ceart go leor?**

*/Un mekh shay shin kyarth guh lyore?/*

Would that be ok?

---

*Bairbre:*

**Bheadh sé sin togha, a Sheosaimh.**

*/Vekh shat shin thow-ah, a Hyoh-siv/*

That would be great, Seosamh.

---

*An fáilteoir:*

**Go breá.**

*/Guh brraw/*

Fine.

**Cé acu seomra ab fhearr leat féin agus Diarmaid, a Bhairbre?**

*/Kyuk-uh shoh-um-ruh ab aar lyath fayn a-guss Dee-ur-mid, a Var-bruh?/*

Which room would yourself and Diarmaid prefer, Bairbre?

---

*Bairbre:*

**Cuir in airde staighre sinn, le do thoil.**

*/Kwirr in aw-ir-deh ssty-reh shin, leh duh huh-il/*

Put us upstairs, please.

---

*An fáilteoir:*

**Tá go maith.**

*/Thaw guh mah/*

All right.

**Bricfeasta gach lá?**

*/Brik-fass-thuh gokh law?/*

Breakfast each day?

---

Bairbre:

**Le do thoil, a Sheosaimh - ach amháin ar an maidin dheireanach.**

*/Leh duh huh-il, a a Hyoh-siv - okh ah-vaw-in air un maw-dinn yer-in-ukh/*

If you please, Seosamh - except on the final morning.

**Beimid ag tabhairt ár n-aghaidh ar an aerfort go moch.**

*/Bem-eed egg thoo-irrt awr ny-igg air un ayr-furth guh mukh/*

We will be heading for the airport early.

---

*An fáilteoir:*

**An-mhaith.**

*/On-voh/*

Very good.

**Sin dhá mhíle ceithre chéad euro in iomlán, a Bairbre.**

*/Shin gaw veel-eh keh-reh khee-ud euro in um-lawn, a Var-bruh.*

That is two thousand four hundred euro in total, Bairbre.

**An bhfuil an seoladh ríomhphoist céanna agat i gcónaí?**

*/Un wil un shoe-luh ree-uv-fwisht key-an-uh a-guth i goe-nee?/*

Do you still have the same e-mail address?

---

*Bairbre:*

**Tá – [bairbre@beobinn.com](mailto:bairbre@beobinn.com)**

*/Thaw - bar-bruh egg byoh been stad com/*

Yes - [bairbre@beobinn.com](mailto:bairbre@beobinn.com)

---

*An fáilteoir:*

**Iontach.**

*/Oon-tukh/*

Fantastic.

**Tá na sonraí ar fad seolta agam chugat anois.**

*/Thaw nuh sun-ree air fodd shole-thuh a-gum khoot ah-nish/*

I have sent all the details to you now.

---

*Bairbre:*

**Maith an fear, a Sheosaimh.**

*/Moh un farr, a Hyoh-siv/*

Good man, Seosamh.

**Slán go fóill, mar sin.**

*/Slawn guh foe-il, marr shin/*

Bye for now, so.

---

*An fáilteóir:*

**Míle buíochas, a Bhairbre.**

*/Mee-lah bway-khuss, a Var-bruh/*

Many thanks, Bairbre.

**Cífidid i mí Lúnasa sibh.**

*/Kee-him-eed i mee Loo-nass-uh shiv/*

We'll see you in August.

---

©Bitesize Irish 2024.